Epistil Phoil absdail chum na Neabhruigheadh
The Epistle of Paul the Apostle to the Hebrews

An Irish and English Parallel Bible

The Irish translation was accomplished by William O'Domhnuill in 1602, and has been copied from an 1817 edition of that translation. William O'Domhnuill (d.1628), known also as William O'Daniel, Archbishop of Tuam was a native of Kilkenny, Ireland. It was while at Trinity College that William took up the work of translating *The New Testament - Tiomna Nuadh* into Irish. This work was begun by Nicolas Walsh, Bishop of Ossory, who was murdered in 1585, and afterwards it was continued by John Kearney (who translated and published the first Irish [protestant] Catechism, printed in Dublin in 1571), and Nehemias Donellan, Archbishop of Tuam in 1595. This translation was dedicated to the newly ascended King James I, and published by O'Daniel in 1603.

The English translation used in this booklet is the King James Version (KJV) of the Holy Bible, commissioned by King James I of England in 1604. The translation work was completed by forty-seven learned Biblical scholars in 1611 and published that same year. It has had the most profound impact not only on English literature as a whole, world-wide, but also on English-speaking peoples, world-wide! This same version is often referred to as the Authorised Version (AV). Despite its age, it is still very readable by the average reader today, and it remains one of the most widely-read literary works of all time.

Chapter

1 2 3 4

5 6 7 8

9 10 11 12

13

Epistil Phoil absdail chum na Neabhruigheadh
The Epistle of Paul the Apostle to the Hebrews

William O'Domhnuill New Testament of 1602; 1817 edition

The Authorized English Bible of 1611 1769 Edition

Caibidil 1

Go bfuil Iósa Críosd ineísdeachd ris; ar dhó bheith oscionn ná bfagh agus na naingeal.

Chapter 1

1 Dia, noch do labhair a nallód go minic agus ar mhóghuibh éugsamhla ris na haithreachuibh tres na faidhibh,

1 God, who at sundry times and in divers manners spake in time past unto the fathers by the prophets,

2 Do labhair sé rinne sna laéthibh deigheanachasa trés an Mac, do órduigh sé na oighre air a niomlán, tré ar chrúthuigh sé fós an dómhan;

2 Hath in these last days spoken unto us by *his* Son, whom he hath appointed heir of all things, by whom also he made the worlds;

3 Noch ar mbeith dho na dheallradh glóire, agus na iomháigh fhíre a phearsannsan, agus ag congmháil súas na nuile neitheann ré breithir a chúmhachd féin, ar nglanadh ar bpeacuighne dhó thríd féin, do shuigh sé ar láimh dheis na Mórghachda sna hárduibh;

3 Who being the brightness of *his* glory, and the express image of his person, and upholding all things by the word of his power, when he had by himself purged our sins, sat down on the right hand of the Majesty on high;

4 Ar mbeith dhó ar na dhéunamh ní sa ro óirrdhearca ná na haingil, ar gur ab oirrdhearca an tainm fuáir sé ná íadsan.

4 Being made so much better than the angels, as he hath by inheritance obtained a more excellent name than they.

5 Oír cía do na hainglibh ré a ndúbhairt sé ríamh, As tú mo Mhac, a niúgh do ghin mé thú? Agus a ris, Biáidh mé um Athair aige, agus biáidh seision na Mhac agumsa?

5 For unto which of the angels said he at any time, Thou art my Son, this day have I begotten thee? And again, I will be to him a Father, and he shall be to me a Son?

6 Agus a ris, an tan do bheir sé a steach an chéidghin don domhan, a deir sé, Agus tuguid aingil Dé uile onóir dhó.

6 And again, when he bringeth in the firstbegotten into the world, he saith, And let all the angels of God worship him.

7 Agus a deir sé a dtáobh na naingeal, Do ní sé a theachdaireadha do na sbioraduibh, agus a mhinisdreadha don teine lasarrgha.

7 And of the angels he saith, Who maketh his angels spirits, and his ministers a flame of fire.

8 Achd ris an Mac a *deir sé*, A Dhía, *máiridh* do chathaóir ríoghasa, go sáoghal na sáoghal: is slat chómhthruim slat do ríoghachdasa.

8 But unto the Son *he saith*, Thy throne, O God, *is* for ever and ever: a sceptre of righteousness *is* the sceptre of thy kingdom.

9 Do grádhuigh tú an fhiréuntachd, agus do fhúathuigh tú a néugcóir; uime sin do ung Día, do Dhía féin thú, ré hóla an gháirdeachuis ós cionn do chompánach.

9 Thou hast loved righteousness, and hated iniquity; therefore God, *even* thy God, hath anointed thee with the oil of gladness above thy fellows.

10 Agus, As tusa, a Thíghearna, tug fonndameint dhaingean don talamh ó thús: agus a síad na flaitheamhnuis oibreacha do lámh.

10 And, Thou, Lord, in the beginning hast laid the foundation of the earth; and the heavens are the works of thine hands:

11 Rachuid síadsan as a gcrúth; achd fanuidh tusa: agus rachuidh uile a gcaitheamh mar éudach;

11 They shall perish; but thou remainest; and they all shall wax old as doth a garment;

12 Agus fillfighear ar a chéile íad mar bhrát, agus béid siad ar na gcláochlúgh: achd as tusa an neach céudna, agus ní rachuidh críoch ar do bhlíadhnuibh.

12 And as a vesture shalt thou fold them up, and they shall be changed: but thou art the same, and thy years shall not fail.

13 Agus cía do na hainglibh ré a ndúbhairt sé ríamh, Suidh ar mo dheis, nó go gcuiridh mé do naimhde na sdól cos *fúd?*
14 A né nach sbiorada freasduil íad uile, churthar a mach chum miniosdrálachda ar son na druinge gheubhus oighreachd an tslánaighthe?

13 But to which of the angels said he at any time, Sit on my right hand, until I make thine enemies thy footstool?
14 Are they not all ministering spirits, sent forth to minister for them who shall be heirs of salvation?

Caibidil 2

Ata Críosd fos ion-úmhlughadh dó, 7 bhrígh gur ghabh ar nadur breóite go braithreamhail chuige, 14 mar budh fhéudhmamhail.

Chapter 2

1 Ar a nadhbharsa as cóir dhúinn aire rodhúthrachdach do thabhairt do na néithibh do chúalamar, deagla a ligthe thrínn dúinn uáir ar bith.
2 Oír má bhí an bhríathar do labhradh tres na hainglibh seasmhach, agus má fuáir gach uile choir agus easúmhlachd an lúach sáothair do dhligheadar;
3 Cionnas rachmáoidne as, má bhíonn neamhshuim aguinn ann a chomhór so do shlánughadh; noch do tionnsgnamh do sheanmórughadh ar tús ris an Dtíghearna féin, *agus* do deimhnigheadh dhúinn ris an druing do chúaluidh *é*;
4 Ar mbeith do Dhía ag déunamh coimhfhíadhnuise *ríu*, maille ré cómharthuibh agus ré hiongantuibh, agus ré súbhailcibh éugsamhla, agus ré tiodhlaicibh an Sbiorad Náoimh, do réir a thola féín?
5 Oír ní thug sé do na hainglibh ceannas an tsáogháil atá chum teachda, ar a bhfuilmidne ag labhairt libh.
6 Achd do rinne neach a nionad áirighe fíadhnuise, ag rádh; Créd é an duine, go mbeith coimhne agad air? nó mac an duine, go mbíadh dúil agad ann?
7 Do rinne tú é feadh sealuid bhig ní sa ísle ná na haingil; do chuir tú coróin ghlóire agus onóir air, agus do chuir tú é ós cionn oibreach do lámh:
8 Do chuir tú na huile neithe síos fá na chosuibh. Oír ar gcur na nuile neitheann fáoi dhó, níor fhág sé éinní gan chur fáoi. Gidheadh ní fhaicmíd a nois go fóill na huile neithe fá úmhlachd dó.
9 Achd do chímid Iósa, ar bhfágháil choróine glóire agus onóra, noch do rinneadh feadh sealuid bhig ní sa ísle ná na haingil tré fhulang an bháis; ionnas go mblaisfeadh sé tré ghrás Dé bás ar son gach áoin.

1 Therefore we ought to give the more earnest heed to the things which we have heard, lest at any time we should let *them* slip.
2 For if the word spoken by angels was stedfast, and every transgression and disobedience received a just recompence of reward;
3 How shall we escape, if we neglect so great salvation; which at the first began to be spoken by the Lord, and was confirmed unto us by them that heard *him*;
4 God also bearing *them* witness, both with signs and wonders, and with divers miracles, and gifts of the Holy Ghost, according to his own will?
5 For unto the angels hath he not put in subjection the world to come, whereof we speak.
6 But one in a certain place testified, saying, What is man, that thou art mindful of him? or the son of man, that thou visitest him?
7 Thou madest him a little lower than the angels; thou crownedst him with glory and honour, and didst set him over the works of thy hands:
8 Thou hast put all things in subjection under his feet. For in that he put all in subjection under him, he left nothing *that is* not put under him. But now we see not yet all things put under him.
9 But we see Jesus, who was made a little lower than the angels for the suffering of death, crowned with glory and honour; that he by the grace of God should taste death for every man.

10 Oír dob iomchubhaidh don tí, ar son *a bhfuilid* na huile neithe, agus tré *a bhfuilid* na huile neithe, ar dtabhairt mhórain cloinne dhó chum glóire, ceannurra a slánaighthe do dhéunamh iomlán tré bhuáidhearthuibh.
11 Oír an tí náomhus agus an dream do nithear náomhtha is ó aon íad uile: uime sin ní ghabhann adhnáire é fá dhearbhráithribh do ghairm dhíobh,
12 Ag rádh, Foillseóchuidh mé hainm dom dhearbhraithribh, molfuidh mé thú maille ré ceól a meadhón na heagluise.
13 Agus a ris, Cuirfe mé mo mhuinighin ann. Agus a rís, Féuch misi agus an chlann tug Día dhamh.
14 Uime sin ó atá fuil agus feóil ar na roinn ris an gcloinn, do ghabh seision mar an gcéudna a chuid díobh sin chuige; chum an tí agá bhfuil cúmhachd an bháis, éadhon an díabhal, dionnarbadh dhó tré bhás;
15 Agus chum sáoirsi do thabhairt don mhéid do bhí feadh a mbeatha tré fhaitcheas an bháis fá chuing dháoirse.
16 Oír go deimhin ní hé *nadúir na* naingeal do ghabh *sé* uime; achd a sé nadúir Abraham do ghabh *sé* uime.
17 Air a nadhbharsin bá cóir dhó bheith cosmhuil ré na dhearbhráithribh sna huile neithibh, ionnus go mbíadh sé trócaireach agus na ardshagart díleas sna neithibh *bheanas* ré Día, chum an phubail do ghlanadh ó na bpeacaidhibh maille ré na iodhbairt.
18 Oír do bhrígh air fhúlaing sé an tan do chuireadh cáthughadh air, is féidir leis cabhair do thábhairt don druing ar a gcurthar cáthughadh.

10 For it became him, for whom *are* all things, and by whom *are* all things, in bringing many sons unto glory, to make the captain of their salvation perfect through sufferings.

11 For both he that sanctifieth and they who are sanctified *are* all of one: for which cause he is not ashamed to call them brethren,

12 Saying, I will declare thy name unto my brethren, in the midst of the church will I sing praise unto thee.
13 And again, I will put my trust in him. And again, Behold I and the children which God hath given me.
14 Forasmuch then as the children are partakers of flesh and blood, he also himself likewise took part of the same; that through death he might destroy him that had the power of death, that is, the devil;
15 And deliver them who through fear of death were all their lifetime subject to bondage.

16 For verily he took not on *him the nature of* angels; but he took on *him* the seed of Abraham.
17 Wherefore in all things it behoved him to be made like unto *his* brethren, that he might be a merciful and faithful high priest in things *pertaining* to God, to make reconciliation for the sins of the people.

18 For in that he himself hath suffered being tempted, he is able to succour them that are tempted.

Caibidil 3

Muna ccreidiom Díosa, neach rug barr ar Maóisi, 7 budh truime dhúine, na an smachd fuáir Israel crúadh-chroidheach.

1 Uime sin, a dhearbhráithre náomhtha, agá bhfuil bhur gcuid ranna don ghairm neamhdha, tuguidh dhá bhur náire Absdal agus Ardshagart ar nadmhála, *eadhon* Iósa Críosd.
2 Noch do bhí díleas don tí do órduigh é, amhuil do bhí Máoisi fós ann a thighsean uile.
3 Oír measdar gur fíu an *fearsa* glóir as óirdhearca ná Máoisi, an mhéid gur mó onóir an tí thógbhas an tígh, ná an tígh é féin.

Chapter 3

1 Wherefore, holy brethren, partakers of the heavenly calling, consider the Apostle and High Priest of our profession, Christ Jesus;

2 Who was faithful to him that appointed him, as also Moses *was faithful* in all his house.
3 For this *man* was counted worthy of more glory than Moses, inasmuch as he who hath builded the house hath more honour than the house.

4 Oír ní bhfuil tígh ar bíth nach *duine* éigin thógbhus é; agus an tí do thóg na huile neíthe sé Día é.
5 Agus go deimhin *do bhí* Máoise díleas ann a thíghsean uile, mar shearbhfhoghantuigh, chum fíadhnuise na neítheann do bhí chum a labhartha;
6 Achd atá Críosd mar mhac a gceannas a thighe féin; agár ab sinne a thígh, má chungbhamuid go daingean go teachd don chrích dheigheanuigh dóthchas agus gairdeachas na muinighne.
7 Uime sin amhuil a deir an Sbiorad Náomh, a niúgh má chluin sibh a ghúth,
8 Ná crúaidhighe bhur ccroídhthe, amhuil a ló na díbhfeirge, eadhon lá an chathaighe sa bhfásach:
9 Sa náit ar chuireadar bhur náithreacha cathúghadh óram, ar dhearbhadar mé, agus a bhfacadar moibreacha ar feadh dhá fhichead blíadhan.
10 Uime sin do bhí ro fhearg oram ris an gcineadh sin, agus a dubhairt mé, Atáid síad do ghnáth ar seachrán ann *a* gcroidhe; agus ní bhfúaradar eólas mo shligheadhsa.
11 Ionnus go dtug mé mionna um fheirg, Nách rachdáois a steach am shuáimhnios.
12 Tuguidh aire ribh, a dhearbhráithre, nách mbiáidh dhroch chroídhe gan chreideamh ag éinneach aguibh uáir ar bith, ré dtuitfeadh sibh ón Día bheó.
13 Achd teagusguidh a chéile go láetheamhuil, an feadh ghoirthear An lá niúgh dhe; deagla éanduine aguibh do dhul a gcrúas tré mhealltóireachd an pheacuidh.
14 Oír atá ar gcuid do Chríosd aguinn, má chongmhamáoid go diongmhálta céudthosach ar muinighine go teachd don chrich dheigheanuidh;
15 An feadh a deirthear, A niúgh má chluin sibh a ghúth, ná cruáidhighe bhur ccróidhthe, amhuil a ló na díbhfeirge.
16 Oír ar na chluinsin, do dhruing áirighe, do bhrósduigheadar: bíodh nách *dearnadar* uile an mhéid tháinic as a Néigipt tré Mháoise *mar sin*.
17 Achd cía an dream ré a raibh a fhearg ar feadh dhá fhithchead blíadhan? an é nách ris an druing do pheacuidh, agár thuiteadar a gcuirp sa bhfásach?
18 Agus cía an dream dhá dtug sé mionna nách rachdáois a steach dhá shuáimhnios, achd amháin don luchd do bhí easúmhal?
19 Agus do chímid nar bhféidir ríu dul a steach tré mhíchreideamh.

4 For every house is builded by some *man*; but he that built all things *is* God.
5 And Moses verily *was* faithful in all his house, as a servant, for a testimony of those things which were to be spoken after;
6 But Christ as a son over his own house; whose house are we, if we hold fast the confidence and the rejoicing of the hope firm unto the end.
7 Wherefore (as the Holy Ghost saith, To day if ye will hear his voice,
8 Harden not your hearts, as in the provocation, in the day of temptation in the wilderness:
9 When your fathers tempted me, proved me, and saw my works forty years.
10 Wherefore I was grieved with that generation, and said, They do alway err in *their* heart; and they have not known my ways.
11 So I sware in my wrath, They shall not enter into my rest.)
12 Take heed, brethren, lest there be in any of you an evil heart of unbelief, in departing from the living God.
13 But exhort one another daily, while it is called To day; lest any of you be hardened through the deceitfulness of sin.
14 For we are made partakers of Christ, if we hold the beginning of our confidence stedfast unto the end;
15 While it is said, To day if ye will hear his voice, harden not your hearts, as in the provocation.
16 For some, when they had heard, did provoke: howbeit not all that came out of Egypt by Moses.
17 But with whom was he grieved forty years? *was it* not with them that had sinned, whose carcases fell in the wilderness?
18 And to whom sware he that they should not enter into his rest, but to them that believed not?
19 So we see that they could not enter in because of unbelief.

Caibidil 4

Coimhshíneadh shabbóide na Niuduigheach, agus na ccreidmheach, ré a chéile.

1 Uime sin biodh faitcheas oruinn, deagla, ar dtréigean na geallamhna uáir ár bith ré dhul a steach na shuáimhnios, go measfuidh áoinneach aguibhse bheith air fágbháil.
2 (Oír do seanmóruigheadh an soisgéul dúinne, amhuil do rinne dhóibhsion mar an gcéudna: gidheadh ní dheachuidh an bhríathar do chúaladar a dtarbha dhóibh, do bhrígh nách raibh sí ar na cumusg ré creideamh sa druing do chúaluidh *í*.
3 (Oír téighemidne an dream chreideas a steach sa tsuáimhnios,) do réir mar a dubhairt sé, Ar a nadhbharsin tug mé mo mhionna um fheirg, nach rachuid síadsan a steach am shuáimhnios: bíodh gur críochnuigheadh na hoibreacha ó thús an dómhuin.
4 Oír labhair sé a nionad áirighe ar an seachdmhadh *lá* mar so, Agus do chómhnuigh Día an seachdmhadh lá ón a oibribh uile.
5 Agus sa *nionadsa* a rís, Ní rachuid síad a steach am shuáimhnios.
6 Uime sin do bhrígh do dtuigthear as so go rachuidh dream áirighe a steach ann, agus nach deachuidh an dream dhár seanmóruigheadh an soisgéul ar tús a steach tré easúmhlachd:
7 Orduighe sé a rís, lá airighe, ag rádh a Ndáibhi, A niúgh, a ndiáigh a comhfhad sin daimsir; (mar a dubhradh,) A niúgh má chluin sibh a ghúth, ná crúaidhighe bhur gcroídhthe.
8 Oír dá dtugadh Iósua suáimhneas dóibh, ní laibheóradh sé na dhiáigh so air lá eile.
9 Uime sin fágthar lá suáimhniosa ag pobal Dé.
10 Oír an tí do chuáidh a steach dhá shuáimhneas san, do chómhnuidh sé mar an gcéudna ón á oibreachuibh, amhuil *do chomhnuigh* Día ón á oibreachuibh féin.
11 Uime sin déunam díthchioll ré dhul a steach sa tsuáimhnios sin, deagla éunnduine thuitim sa neisiompláir chéudna easúmhlachda.
12 Oír *atá* bríathar Dé beó, agus bríoghmhar, agus ní sa ghéire ná clóidheamh ar bith dhá fháobhar, agus téid sí thrín a steach go roinn a nanma agus na sbioruide, na nalt agus an smeara ré chéile, agus *is* breathamh í ar smúaintighibh agus ar bhreathnuighibh an chróidhe.
13 Agus ní bhfuil creatúr ar bith nach bhfuil follas na fhíadhnuisision: achd na huile neithe

Chapter 4

1 Let us therefore fear, lest, a promise being left *us* of entering into his rest, any of you should seem to come short of it.

2 For unto us was the gospel preached, as well as unto them: but the word preached did not profit them, not being mixed with faith in them that heard *it*.

3 For we which have believed do enter into rest, as he said, As I have sworn in my wrath, if they shall enter into my rest: although the works were finished from the foundation of the world.

4 For he spake in a certain place of the seventh *day* on this wise, And God did rest the seventh day from all his works.
5 And in this *place* again, If they shall enter into my rest.
6 Seeing therefore it remaineth that some must enter therein, and they to whom it was first preached entered not in because of unbelief:

7 Again, he limiteth a certain day, saying in David, To day, after so long a time; as it is said, To day if ye will hear his voice, harden not your hearts.
8 For if Jesus had given them rest, then would he not afterward have spoken of another day.
9 There remaineth therefore a rest to the people of God.
10 For he that is entered into his rest, he also hath ceased from his own works, as God *did* from his.

11 Let us labour therefore to enter into that rest, lest any man fall after the same example of unbelief.
12 For the word of God *is* quick, and powerful, and sharper than any twoedged sword, piercing even to the dividing asunder of soul and spirit, and of the joints and marrow, and *is* a discerner of the thoughts and intents of the heart.

13 Neither is there any creature that is not manifest in his sight: but all things *are* naked

nochduighe soilléir do shúilibh an tí ar a bhfuilmidne ag labhairt.
14 Uime sin ó atá árdsagart mór aguinn, do chúaidh a steach sna neamhuibh, Iósa Mac Dé, congmham go daingean *ar* nadmháil.
15 Oír ní bhfuil árdsagart aguinn ris nách féidir ar néugcruáis a mhóthughadh; achd air ar cuireadh cáthughadh sna huile neithibh a gcosamhlachd *rinn*, gan pheacadh.
16 Ar a nadhbharsin déunam maille ré dothchas go hárdchatháoir na ngrás, chum trócaire do ghnodhúghadh, agus ghrás dfagháil dúinn chum furtachda a nám ríachdanais.

and opened unto the eyes of him with whom we have to do.
14 Seeing then that we have a great high priest, that is passed into the heavens, Jesus the Son of God, let us hold fast *our* profession.
15 For we have not an high priest which cannot be touched with the feeling of our infirmities; but was in all points tempted like as *we are, yet* without sin.
16 Let us therefore come boldly unto the throne of grace, that we may obtain mercy, and find grace to help in time of need.

Caibidil 5

Oirdhearcus shagartachd Iósa Criosd oscionn na nuile.

1 Oir gach uile árdsagart, thógthar ó dháoinibh is ar son dáoineadh orduighear é a dtáobh na neítheann *bheanas* ré Día, chum ofrála agus íodhbartha do dhéunamh ar son peacadh:
2 Noch agá bhfuil cumas lórthrúaighe do bheith aige don druing atá ainbhfiosach, agus ar seachrán; do bhrígh go dtimchiollthar é féin mar an gcéudna déugcrúas.
3 Agus dá bhrígh so atá dfiáchuibh air, iodhbairt do dhéunamh ar son na bpeacadh, ar son an phubail, agus ar a shon féin mar an gcéudna.
4 Agus ní ghabhann éunduine a nonóirse chuige féin, achd an tí atá ar na ghairm ó Dhía, amhuil Aáron.
5 As mar an gcéudna ní úadh féin do ghabh Críosd a nonóirse chúige go ndeuntáoi árdsagart de; achd ón ti a dubhairt ris, As tú mo Mhac, a niúgh do ghein misi thú.
6 Do réir mar a deir sé fós a *náit* eile, As sagart thú go síorruidhe do réir uird Mhélchísedec.
7 Noch a laéthibh a fheóla, do fhoráil úrnuighe agus guidhe maille ré héighmhe láidir agus ré déuruibh ar an tí agá raibh cúmhachda a sháortha ó bhás, agus do héisdeadh ris mar an gcéudna tré na dhéaghfhaitcheas:
8 Agus bíodh gur be an Mac é, dfoghluim sé úmhlachd as na neithibh do fhulaing sé;
9 Agus ar mbeith dhó ar na dhéunam iomlán, do rinneadh úghdar an tslánuighe shíorruidhe dhe do na huile dáoinibh úmhlaigheas dó;
10 Ar mbeith dhó ar na ghairm ó Dhía na ardshagart do réir uird Mhelchísedec.

Chapter 5

1 For every high priest taken from among men is ordained for men in things *pertaining* to God, that he may offer both gifts and sacrifices for sins:
2 Who can have compassion on the ignorant, and on them that are out of the way; for that he himself also is compassed with infirmity.
3 And by reason hereof he ought, as for the people, so also for himself, to offer for sins.
4 And no man taketh this honour unto himself, but he that is called of God, as *was* Aaron.
5 So also Christ glorified not himself to be made an high priest; but he that said unto him, Thou art my Son, to day have I begotten thee.
6 As he saith also in another *place*, Thou *art* a priest for ever after the order of Melchisedec.
7 Who in the days of his flesh, when he had offered up prayers and supplications with strong crying and tears unto him that was able to save him from death, and was heard in that he feared;
8 Though he were a Son, yet learned he obedience by the things which he suffered;
9 And being made perfect, he became the author of eternal salvation unto all them that obey him;
10 Called of God an high priest after the order of Melchisedec.

11 Ar a bhfuil mórán aguinn re a labhairt, do neithibh atá dóchurtha amach, do bhrígh go bhfuil muill éisdeachda oruibhse.
12 Oír sibhse dár chóir bheith bhur luchd teaguisg do réir aimsire, as riachdanus dáoibh a rís sinne bhur dteagusg a gcéudthosuighibh bhréithre Dé; agus tárrla dhibh beith sa ríochdsin gur mó atá bainne duireasbhuidh oruibh, na bíadh láidir.
13 Oír gach áon chleachdas bainne *atá sé* neamhíulmhar a mbréithir na fíréuntachda: (óir is náoidhe é.)
14 Achd is don luchd thig chum áoisi fhóghnas an biádh laidir, agá bhfuilid a gcéudfadha tré ghnáthughadh fhada ar na gcleachdadh chum eidirdhealuighe maitheasa agus uilc.

11 Of whom we have many things to say, and hard to be uttered, seeing ye are dull of hearing.
12 For when for the time ye ought to be teachers, ye have need that one teach you again which *be* the first principles of the oracles of God; and are become such as have need of milk, and not of strong meat.

13 For every one that useth milk *is* unskilful in the word of righteousness: for he is a babe.

14 But strong meat belongeth to them that are of full age, *even* those who by reason of use have their senses exercised to discern both good and evil.

Caibidil 6

Mór-chuntabhairt cláonadh go neimhchreideamh, [agus a radh, Go bhairidh Críosd ar a chéusadh, mar mhealltoir ó Shatan, Math. vii. 22. c. xii. 24, 31.] Tar éis do dhuine mhíoghráiseach, Críosd a admhail, no Spiorad na míorbhuilteadh dfagháil úaidh.

Chapter 6

1 Uime sin ar léigean thoruinn dúinn theaguisg chéudthosuigheadh Chríosd, tigeam air ar naghuidh chum bheith diongmhálta; gan bheith dúinn a rís ag cur fhonndameint na haithrighe ó oibreachuibh marbha, agus chréidmhe a dtáóbh Dé,
2 Theagusg na mbaisdeadh, agus leagadh na lámh, agus eiséirghe na marbh, agus an bhreitheamhnuis shíorruidhe.
3 Agus do dhéunam so, do chead Dé.
4 Oír an dream atá ar na soillsiughadh áon uáir amháin, agus fuáir blas an tiodhluice neamhgha, agus lér roinneadh an Spiorad Náomh,
5 Agus do bhlais deaghbhríathar Dé, agus subhailcidhe an tsáoghail atá chum teachda,
6 Agus atá ar dtuitim, ní féidir a nathnúadhughadh a rís chum aithrighe; do bhrígh go bhfuilid ag céusadh Mhic Dé a rís dhóibh féin, agus ag sgige fáoi.
7 Oír an talamh shlúigeas a nfearthuinn thig go minic air, agus do bheir luibhionna úadha théid a dtárbha don druing sháothruigheas é, do ghéibh sé beannachd ó Dhía:
8 Achd an talamh do bheir sgeathach agus driseach úadha *as* diomolta, agus *is* fogus é dá bheith malluighe; agúr ab é a chríoch a losgadh.
9 Gidhéadh a cháirde, atámuid deimhneach asuibhse fá neithibh is fearr ná sin, agus as

1 Therefore leaving the principles of the doctrine of Christ, let us go on unto perfection; not laying again the foundation of repentance from dead works, and of faith toward God,

2 Of the doctrine of baptisms, and of laying on of hands, and of resurrection of the dead, and of eternal judgment.
3 And this will we do, if God permit.
4 For *it is* impossible for those who were once enlightened, and have tasted of the heavenly gift, and were made partakers of the Holy Ghost,
5 And have tasted the good word of God, and the powers of the world to come,
6 If they shall fall away, to renew them again unto repentance; seeing they crucify to themselves the Son of God afresh, and put *him* to an open shame.
7 For the earth which drinketh in the rain that cometh oft upon it, and bringeth forth herbs meet for them by whom it is dressed, receiveth blessing from God:
8 But that which beareth thorns and briers *is* rejected, and *is* nigh unto cursing; whose end *is* to be burned.

9 But, beloved, we are persuaded better things of you, and things that accompany salvation,

foigse don tslánughadh, bíodh go lábhramáoid mar so.
10 Oír ní bhfuil Día neamhchomhthrom, go mbíadh dearmud aige ar bhur nobair agus air sháothar bhur ngrádha, noch do fhoillsigheabhair dhá ainm, sa miniosdrálachd do rinneabhair, agus fós do ní sibh do na náomhuibh.
11 Agus as mían rinn gach áon aguibh do thaisbéunadh na dúthrachda céudna chum láindearbhtha an dóthchais go deireadh:
12 Ionnas nách mbiádh sibh lesgeamhuil, achd bhur luchd leanmhana ag an druing agá bhfuil oighreachd na ngeallamhnach tré chreideamh agus tré fhoighid.
13 Oir an tan thug Día gealladh D'ábraham, do bhrigh nár bhféidir leis *neach* bá mó do thabhairt mar mhíonnuibh, tug sé é féin mar mhíonnuibh,
14 Ag rádh, Go deimhin ag beannughadh beannócha mé thusa, agus ag méudughadh méideócha mé thú.
15 Agus mar sin, ar bhfuireach go foighideach dhó, fuáir sé toradh na geallamhna.
16 Oír go deimhin do bheirid dáoine an tí is mó *ná íad féin* mar mhionnuibh, agus as críoch air gach imreasain dóibhsion mionna chum deimhnighthe.
17 As mar an gcéudna ar mbeith do Dhía fonnmhar ar a chomhairle neamhchorruidh dfoillsiughadh go ro fhoirrleathan doighribh na geallamhna, do dhearbhuidh sé *é* ré mionnuibh:
18 Ionnas tré dhá ní dóatharruidh, ann nach féidir lé Día bréug do dheunamh, go mbeith meanma láidir aguinne, ag rioth chum greamuighthe don dóthchas atá romhuinn:
19 Noch atá aguinn mar ancaire, daingean diongmhálta a nanma, agus théid a steach go soithe a ní atá don táoibh a stigh don bhrat;
20 Sa náit a ndeachuidh an céidreathuighe air ar soinne, *eadhon* Iósa, dá ndearnadh árdsagart síorruidhe do réir uird Mhelchísedec.

though we thus speak.
10 For God *is* not unrighteous to forget your work and labour of love, which ye have shewed toward his name, in that ye have ministered to the saints, and do minister.
11 And we desire that every one of you do shew the same diligence to the full assurance of hope unto the end:
12 That ye be not slothful, but followers of them who through faith and patience inherit the promises.
13 For when God made promise to Abraham, because he could swear by no greater, he sware by himself,
14 Saying, Surely blessing I will bless thee, and multiplying I will multiply thee.
15 And so, after he had patiently endured, he obtained the promise.
16 For men verily swear by the greater: and an oath for confirmation *is* to them an end of all strife.
17 Wherein God, willing more abundantly to shew unto the heirs of promise the immutability of his counsel, confirmed *it* by an oath:
18 That by two immutable things, in which *it was* impossible for God to lie, we might have a strong consolation, who have fled for refuge to lay hold upon the hope set before us:
19 Which *hope* we have as an anchor of the soul, both sure and stedfast, and which entereth into that within the veil;
20 Whither the forerunner is for us entered, *even* Jesus, made an high priest for ever after the order of Melchisedec.

Caibidil 7

Sagartacht Chríosd do réir Mhelchisedec, oirdheirc tar úird Aaroin.

1 Oir an Melchisedecsa rí Shálem, sagart an Dé is áirde, tharrla sé Dábraham ar mbéith dhó ag filleadh air ais ó ár na ríghtheadh, agus do bheannuigh sé é;
2 Agus tug Abraham deachmhuigh na nuile neitheann dó; noch dá ngoirthear ar tús ar na

Chapter 7

1 For this Melchisedec, king of Salem, priest of the most high God, who met Abraham returning from the slaughter of the kings, and blessed him;
2 To whom also Abraham gave a tenth part of all; first being by interpretation King of

eidirmhíniughadh Rí na fíréuntachda, agus na dhiáigh sin mar an gcéudna, Rí Shálem, eadhon, Rí na siothchána;
3 Gan athair, gan mháthaír, gan chineadh, gan tosach laetheadh, ná deireadh beatha aige; achd ar na chur a gcosamhlachd Mhic Dé; fanuigh sé na shagart go síorruidhe.
4 Tuguidh a nois do bhur naire créd é méud an duinese, dhá dtug Abraham féin an priomhathair deachmhuigh na héudála.
5 Agus go deimhin an dream do chloinn Lébhi, ghabhus an tsagartachd chuca, atá áithne aca réir an reachda deachmhuigh do ghabhail ón bpobal, eadhon, ó na ndearbhráithribh féin, bíodh go dtangadar ó leasrach Abraham.
6 Achd an tí nach áirmhighthear a bheith déinchineadh ríusan do ghlac sé deachmhuigh ó Abraham, agus do bheannuigh sé an tí agá rabhadar na geallamhnacha.
7 Agus gan imreasuin ar bith beannuighthear a ní is lúgha ón ní is mó.
8 Agus ann so glacuid na dáoine gheibh bás deachmhuigh; achd ann súd, an ti ré ndeárnadh fíadhnuise go maireann sé.
9 Agus (do rádh na fírinne,) tug Lébhi féin, noch ghlacas an deachmhuigh, deachmhuigh úadha a Nábraham.
10 Oír do bhí sé fós a leasrach a athar, an tan thárla Melchísedec dhó.
11 Ar a nadhbharsin dá dtigeadh iomláine tré shagarthachd na Lebhíti, (óir is ré linn *na sagarthachda* sin tugadh an reachd don phobal,) créd fá raibh riachdanus ní sa mhó ré sagart eile éirghe ann do réir uird Mhelchísédec, agus gan bheith dhó ar na ghairm do réir uird Aáron?
12 Oír ar mbeith don tsagartachd ar na athrughadh, is éigean an reachd dathrughadh mar an gcéudna.
13 Oír an tí air a labharthar na neithese is ré treibh eile bheanas sé, dá nach dearnuigh éinneach miniosdralachd ag a ualtóir.
14 Oír as ní follas gur do *threibh* Iúda do éirigh an Tíghearna; treabh ar nar labhair Máoise éinni a dtáobh na sagartachda.
15 Agus fós is móide as follás é: do bhrígh go bhfuil sagart eile ar néirghe ann a gcosamhlachd Mhelchísedec,
16 Dá nách dearnadh do, *sagart* réir reachd na háithne colluidhe, achd do réir chúmhachd na beatha síorruidhe.
17 Oír do ní *Día* fíadhnuise, As sagart thú go síorruidhe réir uird Mhelchísedec.

righteousness, and after that also King of Salem, which is, King of peace;

3 Without father, without mother, without descent, having neither beginning of days, nor end of life; but made like unto the Son of God; abideth a priest continually.
4 Now consider how great this man *was*, unto whom even the patriarch Abraham gave the tenth of the spoils.
5 And verily they that are of the sons of Levi, who receive the office of the priesthood, have a commandment to take tithes of the people according to the law, that is, of their brethren, though they come out of the loins of Abraham:
6 But he whose descent is not counted from them received tithes of Abraham, and blessed him that had the promises.

7 And without all contradiction the less is blessed of the better.
8 And here men that die receive tithes; but there he *receiveth them*, of whom it is witnessed that he liveth.
9 And as I may so say, Levi also, who receiveth tithes, payed tithes in Abraham.

10 For he was yet in the loins of his father, when Melchisedec met him.
11 If therefore perfection were by the Levitical priesthood, (for under it the people received the law,) what further need *was there* that another priest should rise after the order of Melchisedec, and not be called after the order of Aaron?

12 For the priesthood being changed, there is made of necessity a change also of the law.

13 For he of whom these things are spoken pertaineth to another tribe, of which no man gave attendance at the altar.
14 For *it is* evident that our Lord sprang out of Juda; of which tribe Moses spake nothing concerning priesthood.
15 And it is yet far more evident: for that after the similitude of Melchisedec there ariseth another priest,
16 Who is made, not after the law of a carnal commandment, but after the power of an endless life.
17 For he testifieth, Thou *art* a priest for ever after the order of Melchisedec.

18 Oír a náithne do bhí roimhe ann atá sí ar na cur ar gcúl do bhrígh a meirbhe agus a neamhtharbhuidhe.
19 Oír ní dhearna an reachd ní ar bith iomlán, achd teachd a steach a muinighne as féarr; tré na dtigmíd a bhfogus do Dhía.
20 Agus an mhéid nach gan mhionnuibh:
21 (Oir do rinneadh sagairt díobhsan gan mhionnuibh; achd don *fhearsa* maille ré mionnuibh trés an tí a dubhairt ris, Tug an Tíghearna mionna agus ní ghéubhuidh aithreachas é, As sagart thú go síorruidhe do réir uird Mhelchísedec :)
22 Do rinneadh go fíu a noirid sin, urra an chonnartha is feárr Diósa.
23 Agus do rinneadh iomad díobhsan na sagartuibh, do bhrígh gur thoirmisg an bás íad fhuireach:
24 Achd do bhrígh go maireann ann *fearsa*, go siorruidhe, atá sagartachd shíorruidhe aige.
25 Ionnas gur féidir leis an dream thig chum Dé thríd féin do shlánughadh go híomlán, ar mbeith dhó beó go síorruidhe chum eadarghuidhe do dhéunamh ar a son.
26 Oír a sé a shamhuil sin dárdshagart dob iomchubhaidh dhúinne *do bheith aguinn, noch atá* náomhtha, neimhchiontach, gan cháidhe air bith, ar na sgaradh ré peacthachuibh, agus do rinneadh níos aírde ná na flaithis;
27 Ar nách bhfuil riachdanus go láetheamhuil, mar *do bhí* ar na hárdsagartuibh úd, iodhbartha do dhéunamh ar tús, ar son a pheacuigheadh féin, na dhiáigh sin *ar son pheacuigheadh* an phobail: óir do rinne sé so eunúair amháin, an tan do rinne sé íodhbairt de féin.
28 Oír do ní an reachd árdsagairt do dháoiníbh bhíos eugcruáidh; achd do *ní* bríathar na mionn a ndiáigh an reachda *ardsagart* don Mhac, noch atá críochnuigh go síorruidhe.

18 For there is verily a disannulling of the commandment going before for the weakness and unprofitableness thereof.
19 For the law made nothing perfect, but the bringing in of a better hope *did*; by the which we draw nigh unto God.
20 And inasmuch as not without an oath *he was made priest*:
21 (For those priests were made without an oath; but this with an oath by him that said unto him, The Lord sware and will not repent, Thou *art* a priest for ever after the order of Melchisedec:)
22 By so much was Jesus made a surety of a better testament.
23 And they truly were many priests, because they were not suffered to continue by reason of death:
24 But this *man*, because he continueth ever, hath an unchangeable priesthood.
25 Wherefore he is able also to save them to the uttermost that come unto God by him, seeing he ever liveth to make intercession for them.
26 For such an high priest became us, *who is* holy, harmless, undefiled, separate from sinners, and made higher than the heavens;
27 Who needeth not daily, as those high priests, to offer up sacrifice, first for his own sins, and then for the people's: for this he did once, when he offered up himself.
28 For the law maketh men high priests which have infirmity; but the word of the oath, which was since the law, *maketh* the Son, who is consecrated for evermore.

Caibidil 8

Sagartachd shíorraidh Chríosd, 7 agus connradh biothbhúan an tsóisgel, ar gcur sagortachd Aaroin agus connradh áimsiordha na naithreach, ar gcúl.

Chapter 8

1 Agus *a sé so* suim na neitheann a deirmíd: Atá a shámhuil sin dárdshagart aguinn, noch do shúigh ar deis árdchatháoire na Mórdhachda sna flaithís;
2 Atá na mhinisdir *sna hionaduibh* náomhtha, agus don tabearnacail fhirinnigh úd, noch do shúighidh an Tíghearna, agus ní duine.

1 Now of the things which we have spoken *this is* the sum: We have such an high priest, who is set on the right hand of the throne of the Majesty in the heavens;
2 A minister of the sanctuary, and of the true tabernacle, which the Lord pitched, and not man.

3 Oír as chuige órduighthear gach uile ársagart chum na dtabhartus agus na niodhbarthadh dforáil: ionnas gur bhéigin don fhiorsa mar an gcéudna ní éigin do bheith aige ré a iodhbairt.
4 Oír ní bhíadh sé na shagart, dá mbíadh sé ar an dtalamh, an feadh atáid sagairt ann fhoráileas tabhartuis do réir an reachda:
5 Noch do ní seirbhís do shompla agus do sgáile na neitheann neamhdha, amhuil do fhógair Día do Mháoise ar mbeith dhó ar tí an tabearnacail do chríochnúghadh: tabhair haire riot, ár sé, Go ndéan tú na huile neithe do réir an tsompla do taisbéunadh dhuit sa tslíabh.
6 Achd a nois fuáir sé oifig as óirrdhearca ná sin, an mhéid go bhfuil sé na eidírmheadhontóir an chonnartha as féarr, noch atá ar na dhaingniughadh ris na geallamhnachaibh is fearr.
7 Oír dá mbeith an *céudchonnradh* úd neamhuireasbhach, ní shirfidhe ionad don dara *connradh*.
8 Oír a deir sé, dhá néilíughádhsan, Feuch tiucfuidh na laethe, a deir an Tíghearna ann a gcríochnóchuigh mé connradh núadh ré tigh Israél agus ré tigh Iúda:
9 Ní réir an chonnartha do rinne mé ré na naithribh sa lá ann a rug mé ar láimh orrtha chum a dtreóruighthe as talamh na Héigipte; óir níor fhanadar a mbun mo chonnartha, agus ní raibh cás agumsa iónntadhsan, a deir an Tíghearna.
10 Uime sin ag so an connradh do dhéuna mé ré tigh Israél a ndiáigh na laetheadhsin, a deir an Tíghearna; Cuirfe mé mo dhlighthe ann a ninntinn, agus sgriobhthad íad ann a gcroídhe: agus biáidh mé um Dhía aca, agus béid síadsan na bpobal agumsa.
11 Agus ní bhiáidh gach áon fó leith ag teagusg a chomharsan, agus gach áon fo leith *ag teagusg* a dhearbhráthar, ag rádh, Bíodh aithne air an Dtíghearna agad: óir biáidh eólus aca uile oramsa ón mbeag gus an mór.
12 Oír biáidh mé trócaireach da néugcóruibh, agus cuirfe mé a bpeacuidhe agus a naindhlighthe as mo choimhne feasda.
13 An tan a déir sé, *An connradh* núadh, do chuir sé an seanchonnradh a neimbrígh. Agus an ní atá ar na chur a neimbrígh agus atá sean as fogus dó bheith ar dtéurnógh.

Caibidil 9

Iodhbairt fola Chriosd ni is uáisle nó fuil iodhbartha an reachd.

3 For every high priest is ordained to offer gifts and sacrifices: wherefore *it is* of necessity that this man have somewhat also to offer.

4 For if he were on earth, he should not be a priest, seeing that there are priests that offer gifts according to the law:
5 Who serve unto the example and shadow of heavenly things, as Moses was admonished of God when he was about to make the tabernacle: for, See, saith he, *that* thou make all things according to the pattern shewed to thee in the mount.
6 But now hath he obtained a more excellent ministry, by how much also he is the mediator of a better covenant, which was established upon better promises.

7 For if that first *covenant* had been faultless, then should no place have been sought for the second.
8 For finding fault with them, he saith, Behold, the days come, saith the Lord, when I will make a new covenant with the house of Israel and with the house of Judah:
9 Not according to the covenant that I made with their fathers in the day when I took them by the hand to lead them out of the land of Egypt; because they continued not in my covenant, and I regarded them not, saith the Lord.
10 For this *is* the covenant that I will make with the house of Israel after those days, saith the Lord; I will put my laws into their mind, and write them in their hearts: and I will be to them a God, and they shall be to me a people:
11 And they shall not teach every man his neighbour, and every man his brother, saying, Know the Lord: for all shall know me, from the least to the greatest.

12 For I will be merciful to their unrighteousness, and their sins and their iniquities will I remember no more.
13 In that he saith, A new *covenant*, he hath made the first old. Now that which decayeth and waxeth old *is* ready to vanish away.

Chapter 9

1 Uime sin do bhádar fós ag an gcéud *chonnarthadh* órduighthe a dtáobh sheirbhíse Dé, agus náoimhiosdadh sáoghalta.
2 Oír do tógbhadh an tabernacail; ann a *raibh* sa gcéud iosdadh dhe, an coinnleóir, agus an bórd, agus arán na fíadhnuise; ré ráidhtear náomhtha.
3 Agus *do bhí* táobh a stigh don dara bhrat, an tabearnácail dá ngoirthear an náomh *iosdadh* ro Náomhtha;
4 Sa náit a raibh an túiséir orrgha, agus áirc an chonnartha ar na fholach timchioll ré hór, ann a raibh an pota orrgha ann a raibh an manna, agus slat Aáróin nach do sgeith, agus cláir an chonnartha;
5 Agus ós cionn *na háirce do bhádar* na cherubíni glórmhar ag cur sgátha ar fholách na háirce; neithe ar nach féidir leam labhairt fó leith a nois.
6 Agus ar mbeith do na neithibhse órduighthe mar so, do théighedís na sagairt do ghnáth a steach don chéud thabernácail, do choimhlíonadh sheirbhíse *Dé*.
7 Achd don dara *thabernácail do theigheadh* an tárdsagart na áonar áon úair amhain gacha blíadhna, ní gan fhuil, noch do fhoráileadh sé ar a shon féin, agus *ar son* sheachráin an phobail:
8 Ar mbeith don Sbiorad Náomh dhá fhoillsiughadh so, nár hosgladh fós an tslighe chum a *niosda ro* náomhtha, an feadh do bhi an céud thabearnácail na sheasadh:
9 Noch as sompla don naimsirsi a láthair, ann a bhfuil tabhartuis agus iodhbartha dhá bhforáil, lé nár féidir an tí do ní an tseirbhís sin, do náomhadh a dtáobh a choinnsiáis;
10 *Ar mbeith dhóibh* amháin a mbiadhuibh agus a ndeochuibh, agus a nionlatuibh éugsamhla, agus a ngnáthuighthibh colluidhe, do cuireadh *orrtha duálach* go teachd aimsire an cheartuighe.
11 Achd ar dteachd do Chríosd na árdshagart na neitheann maith do bhí chum teachda, tré thabearnácail bá mó agus bá diongmhálta, nách dearnadh ré lámhuibh, ionann sin ré radh agus, nach don nobairse;
12 Agus fós ní tré fhuil ghabhar na láodh, achd tré na fhuil féin; do chuáidh sé a steach éun uáir amháin sna *hiosdadhuibh* náomhtha, ar bhfagháil fúasluighthe shíorruidhe *dhúinne*.
13 Oír má ní fuil thárbh agus ghábhar, agus luáithreadh seachbhuidh ar na cróthadh ar an druing neamhghloin, a náomhadh a dtáobh ghlanta na feóla:

1 Then verily the first *covenant* had also ordinances of divine service, and a worldly sanctuary.
2 For there was a tabernacle made; the first, wherein *was* the candlestick, and the table, and the shewbread; which is called the sanctuary.
3 And after the second veil, the tabernacle which is called the Holiest of all;

4 Which had the golden censer, and the ark of the covenant overlaid round about with gold, wherein *was* the golden pot that had manna, and Aaron's rod that budded, and the tables of the covenant;
5 And over it the cherubims of glory shadowing the mercyseat; of which we cannot now speak particularly.

6 Now when these things were thus ordained, the priests went always into the first tabernacle, accomplishing the service *of God*.

7 But into the second *went* the high priest alone once every year, not without blood, which he offered for himself, and *for* the errors of the people:

8 The Holy Ghost this signifying, that the way into the holiest of all was not yet made manifest, while as the first tabernacle was yet standing:
9 Which *was* a figure for the time then present, in which were offered both gifts and sacrifices, that could not make him that did the service perfect, as pertaining to the conscience;
